Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Aibreán 2025**
**(OR. en)**

**7816/25**

**FIN 384**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Piotr SERAFIN, Comhalta den Choimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 8 Aibreán 2025 |
| chuig: | Paweł KARBOWNIK, Uachtarán Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | Togra maidir le haistriú leithreasuithe Uimh. DEC 05/2025 - Roinn III - An Coimisiún - den bhuiséad ginearálta do 2025 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad DEC 05/2025.

---

Faoi iamh: DEC 05/2025

AN COIMISIÚN EORPACH

AN BHRUISÉIL, 08/04/2025

AN BUISÉAD GINEARÁLTA - 2025
ROINN III - TEIDIL AN CHOIMISIÚIN: 08, 30

AISTRIÚ LEITHREASUITHE UIMH. **DEC 05/2025**

## ÓN MÉID SEO A LEANAS

**CAIBIDIL -** 3002 Cúlchistí le haghaidh caiteachas oibríochtúil

| | | |
|---|---|---|
| AIRTEAGAL - 30 02 02 - Leithreasuithe difreáilte | Gealltanais | -18 036 857,00 |
| | Íocaíochtaí | -18 036 857,00 |

## CHUIG AN MÉID SEO A LEANAS

**CAIBIDIL -** 0805 Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (CCIInna) agus Eagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh (ERBInna)

| | | |
|---|---|---|
| AIRTEAGAL - 08 05 01 – Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta de chuid an Aontais in uiscí tríú tíortha | Gealltanais | 18 036 857,00 |
| | Íocaíochtaí | 18 036 857,00 |

# I. LAGHDÚ

## I.1

### a) Ceannteideal

**30 02 02 - Leithreasuithe difreáilte**

### b) Figiúirí an 19/3/2025

| | Gealltanais | Íocaíochtaí |
|---|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 163 415 723,00 | 144 741 723,00 |
| 2 Aistrithe | 0,00 | 0,00 |
| 3 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2) | 163 415 723,00 | 144 741 723,00 |
| 4 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 0,00 | 0,00 |
| **5 Leithreasuithe atá ar fáil (3-4)** | **163 415 723,00** | **144 741 723,00** |
| **6 An laghdú a mholtar** | **18 036 857,00** | **18 036 857,00** |
| **7 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (5-6)** | **145 378 866,00** | **126 704 866,00** |
| 8 An laghdú mar chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad (6/1) | 11,04 % | 12,46 % |
| 9 An laghdú, mar chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, i suim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach | neamhbhainteach |

### c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt anonn ón mbliain roimhe)

| | Gealltanais | Íocaíochtaí |
|---|---|---|
| 1 Leithreasuithe atá ar fáil ag tús na bliana | 0,00 | 0,00 |
| 2 Leithreasuithe atá ar fáil an 19/3/2025 | 0,00 | 0,00 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | neamhbhainteach | neamhbhainteach |

### d) Forais mhionsonraithe don laghdú

I gcomhréir le pointe 20 den Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027, méideanna dá bhforáiltear sa bhuiséad le haghaidh comhaontuithe iascaigh nua nó chun comhaontuithe iascaigh a athnuachan, ar comhaontuithe iad a thiocfaidh i bhfeidhm tar éis an 1 Eanáir den bhliain airgeadais lena mbaineann, is méideanna iad a áireofar i gcúlchiste.

Tá sé molta leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus íocaíochtaí, ar luach EUR 18 036 857 san iomlán, a aistriú ón líne chúlchiste chuig an bpríomhlíne oibríochtúil, go sonrach chun tacú le comhaontuithe leis an nGraonlainn (EUR 17 296 857) agus leis an gCósta Eabhair (EUR 740 000).

## II. MÉADÚ

## II.1

### a) Ceannteideal

**08 05 01 - Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta de chuid an Aontais in uiscí tríú tíortha**

### b) Figiúirí an 19/3/2025

| | Gealltanais | Íocaíochtaí |
|---|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 90 590 000,00 | 93 655 000,00 |
| 2 Aistrithe | 0,00 | 0,00 |
| 3 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2) | 90 590 000,00 | 93 655 000,00 |
| 4 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 5 300 000,00 | 4 050 000,00 |
| **5 Leithreasuithe atá ar fáil (3-4)** | **85 290 000,00** | **89 605 000,00** |
| **6 An méadú a iarradh** | **18 036 857,00** | **18 036 857,00** |
| **7 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (5+6)** | **103 326 857,00** | **107 641 857,00** |
| 8 An méadú mar chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad (6/1) | 19,91 % | 19,26 % |
| 9 An méadú, mar chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, i suim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach | neamhbhainteach |

### c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt anonn ón mbliain roimhe)

| | Gealltanais | Íocaíochtaí |
|---|---|---|
| 1 Leithreasuithe atá ar fáil ag tús na bliana | 0,00 | 0,00 |
| 2 Leithreasuithe atá ar fáil an 19/3/2025 | 0,00 | 0,00 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | neamhbhainteach | neamhbhainteach |

### d) Forais mhionsonraithe don mhéadú

Tá gá le haistriú EUR 18 036 857 (leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus íocaíochtaí) chun oibleagáidí airgeadais 2025 a chomhlíonadh, oibleagáidí a eascraíonn as na Prótacail Chur Chun Feidhme nua leis an nGraonlainn (EUR 17 296 857) agus leis an gCósta Eabhair (EUR 740 000).

Tar éis comhaontú frithpháirteach le rialtas na Graonlainne an prótacal a bhí ann roimhe seo a fhoirceannadh in 2024, d'éirigh leis an gCoimisiún an chaibidlíocht maidir le prótacal nua a thabhairt i gcrích i mí Mheán Fómhair. An togra ón gCoimisiún le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an bprótacal nua a shíniú, glacadh é an 17 Deireadh Fómhair. Le DEC 15/2024, cuireadh EUR 17 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas ar fáil ar an líne oibríochtúil lena gcumhdaítear an tréimhse 12/12/2024-11/12/2025. Tar éis an chomhaontaithe ón gComhairle ar ar thángthas an 5 Nollaig, shínigh an dá pháirtí an Prótacal an 12 Nollaig, agus tháinig sé i bhfeidhm go sealadach an lá céanna.
Tá gá le haistriú reatha na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí chun oibleagáidí conarthacha, íocaíochtaí rochtana agus earnálacha a chomhlíonadh de réir Airteagal 3 (4) den Phrótacal. Ina theannta sin, iarrtar an méid céanna i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a aistriú chun go mbeidh an Coimisiún in ann an gealltanas buiséadach a shíniú roimh chothrom an lae a síníodh an prótacal, lena gcumhdaítear an tréimhse 12/12/2025-11/12/2026. Déanfar an íocaíocht le haghaidh na tréimhse sin in 2026, faoin 1 Márta.

Maidir leis an gCósta Eabhair, chuaigh an prótacal 6 bliana a bhí ann roimhe seo in éag an 31 Iúil 2024. Ar bhonn an Chinnidh ón gComhairle lenar údaraíodh tús a chur leis an gcaibidlíocht, rinne an Coimisiún an chaibidlíocht, agus tugadh prótacal nua i gcrích an 21 Samhain 2024. Leis an bPrótacal nua, cumhdaítear tréimhse 4 bliana ó dháta an chur i bhfeidhm shealadaigh.
Tar éis thogra COM(2025) 73 ón gCoimisiún an 5 Márta 2025, tá coinne leis go dtiocfaidh an Chomhairle ar chomhaontú maidir leis an bPrótacal a shíniú agus a chur i bhfeidhm go sealadach i mí Aibreáin 2025, agus tá sé beartaithe go síneofar é nuair a chuirfear na leithreasuithe ar fáil. Déanfar na híocaíochtaí laistigh de 90 lá ó dháta an chur i bhfeidhm shealadaigh.

## ANNEX

### Transfers from the reserves for operational expenditure - Differentiated Appropriations on 19/03/2025

| Transfer Ref | Submission date | Content | Commitment Appropriations (in EUR) | Payment Appropriations (in EUR) |
|---|---|---|---|---|
| | | **Voted budget** | **163 415 723,00** | **144 741 723,00** |
| | | *of which SFPAs* | *59 970 000,00* | *41 620 000,00* |
| | | **Total already released** | **0,00** | **0,00** |
| | | *of which SFPAs* | *0,00* | *0,00* |
| | | **Total available for release** | **163 415 723,00** | **144 741 723,00** |
| | | *of which SFPAs* | *59 970 000,00* | *41 620 000,00* |
| | | | | |
| DEC 05/2025 | *[08-04-2025]* | Mobilisation SFPA for Greenland and Ivory Coast | **18 036 857,00** | **18 036 857,00** |
| | | **Remainder** | **145 378 866,00** | **126 704 866,00** |
| | | *of which SFPAs* | *41 933 143,00* | *23 583 143,00* |